Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en, de)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0191(COD)**

**13940/23**
**ADD 2 REV 1**

**EF 297**
**ECOFIN 982**
**ENV 1096**
**SUSTDEV 126**
**CODEC 1800**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bannaí glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón nGearmáin**

Tá an Ghearmáin den tuairim nach bhfuil an fuinneamh núicléach inbhuanaithe. Cé go n-aithnímid go bhfuil nasc idir an caighdeán Eorpach maidir le bannaí glasa agus an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ní mheasaimid gurb iomchuí fuinneamh núicléach a áireamh chun caighdeán óir maidir le bannaí glasa a chruthú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an nGearmáin tacú leis an gcomhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha ina iomláine.

**Ráiteas ón Ostair**

Tacaímid le bearta a chuideoidh le hacmhainní airgeadais a dhíriú i dtreo na hinbhuanaitheachta. Dá bhrí sin, tá dearcadh dearfach ag an Ostair freisin i ndáil leis an gCaighdeán Eorpach maidir le Bannaí Glasa. Mar sin féin, bhí sé mar sprioc i gcónaí againn tacsanomaíocht inchreidte, eolaíochtbhunaithe a bhunú agus ní aontaímid gur féidir le hinfheistíochtaí núicléacha a cháiliú mar ghníomhaíochtaí aistrithe. Is díol sásaimh dúinn na hoibleagáidí maidir le nochtadh le haghaidh na n-infheistíochtaí sin a áirítear sa téacs, cé go bhféadfaidís a bheith níos feiceálaí. Tugaimid urraim iomlán don cheannasacht náisiúnta agus don dlí Eorpach agus idirnáisiúnta maidir le beartais fuinnimh náisiúnta, ach measaimid gur glas-snasú é gníomhaíochtaí eacnamaíocha a aicmiú mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe i gcomhthéacs na cumhachta núicléiche.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Deimhníonn an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige déileáil le haon sainordú a d'fhéadfadh a bheith ann chun iarscríbhinní caighdeánaithe a fhorbairt maidir le faisnéis chomhshaoil, shóisialta agus rialachais a nochtadh go pras i Réamheolaire an Aontais, agus an taithí leis na treoirlínte deonacha a ullmhaíodh le haghaidh bannaí glasa sa Rialachán maidir le Bannaí Glasa Eorpacha á cur san áireamh.